# EISIÚINT NUACHTA / NEWS RELEASE

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

## Seolann an Chomhairle an Feachtas '*Make it Local*' chun lonnaíochtaí beaga a threisiú

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin le feachtas nua '*Make it Local*' a chur i bhfeidhm. Is í aidhm an fheachtais an éagsúlacht iontach earraí agus seirbhísí atá ar fáil sa cheantar a thaispeáint do chónaitheoirí áitiúla agus do chuairteoirí. Tá sé de rún ag an fheachtas pobal agus geilleagar áitiúil, rathúil, láidir agus inbhuanaithe a chothú.

Tógfaidh sé sin ar chríochnú rathúil na scéimeanna feabhsúcháin agus athbheochana comhshaoil faoi 'Chlár Athghiniúna na Lonnaíochtaí Beaga', arna mhaoiniú ag an Roinn Pobail; an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe; an Roinn Infreastruchtúir agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Seoltar an feachtas Dé Luain 3 Márta. Cuirfidh sé cuid de na haghaidheanna cairdiúla atá taobh thiar de ghnólachtaí neamhspleácha an cheantair i láthair, faoin mhana '*There's Lot to Love when you… #ShopLocal'.* Is é cúis an mhana sin saintréithe, ardchaighdeán agus éagsúlacht ár ngnólachtaí áitiúla a léiriú agus an feabhsú atá i ndiaidh teacht ar ár n-infreastruchtúr agus spásanna poiblí a aibhsiú. Tríd is tríd, tá sé ina aidhm ag an fheachtas cónaitheoirí a spreagadh lena n-aird a thabhairt ar a bhfuil le fáil sna bailte agus sráidbhailte áitiúla.

Trí mheascán den chumarsáid dhigiteach agus chlóite, agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus ábhair poiblíochta eile, tabharfaidh an feachtas aird ar ghnólachtaí ar fud na mbailte agus na sráidbhailte a leanas: Áth na Long, Dún Droma, Baile Hill, Cill Ó Laoch, an Mhaigh, Baile Úr, Baile Loch Cuan, an Sruthán, Caisleán Uidhilín, Tamhnaigh Naomh, agus Caisleán Ruairí.

Dúirt Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Pete Byrne,
"Is céim eile chun tosaigh an tionscnamh nua seo 'Make it Local' faoi thiomantas na Comhairle lonnaíochtaí beaga a athbheochan agus le pobail láidre bríomhara a chothú. Tá sé ag teacht le fís na Comhairle chun bailte ríthábhachtacha agus inmharthana a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais na saoránach áitiúil agus na gceantar máguaird.

"Tá feabhas curtha ar bhonneagar fisiciúil na sráidbhailte mar gheall ar na scéimeanna feabhsúcháin agus athbheochana comhshaoil le déanaí; rud a chruthaíonn timpeallacht fháilteach bheoga agus a dhéanann áiteanna tarraingteacha díobh. Meallann sé sin siopadóirí, cuairteoirí agus infheisteoirí gnó araon. Trí chónaitheoirí agus cuairteoirí a spreagadh chun siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil, is féidir linn ár bpobail a neartú agus a chinntiú go n-éireoidh lenár sráidbhailte. Ní hamháin go dtacaíonn sé seo le gnólachtaí áitiúla ach cuireann sé le caighdeán maireachtála ár gcónaitheoirí ar fud an cheantair, fosta. Mar a deirtear, '*there really is Lots to Love*'."

Ba mhaith le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin a buíochas a ghabháil leis na gnólachtaí a ghlac páirt san fheachtas '*Make it Local*'.